# LITIR CHEAPACHÁIN LEAR

*(Cruthófar an doiciméad seo go huathoibríoch ag Clár na Rannpháirtithe a luaithe agus a bheidh an fhaisnéis uile a cheanglaítear do cheapachán LEAR líonta isteach. Ba cheart duit é a phriontáil, iarr ar an ionadaí dlíthiúil agus LEAR é a shíniú agus é a uaslódáil ansin i gClár na Rannpháirtithe leis na doiciméid tacaíochta. Ba cheart bunchóipeanna a choimeád ar comhad le haghaidh rialuithe. Más maith leat leaganacha i dteangacha eile a cheadú, tagair do roinn teimpléad & foirmeacha an leathanaigh um Dhoiciméid Thagartha Tairsí.)*

**Ábhar:** **IONSTRAIM UM CHOMHPHÁIRTÍOCHT: …………..**
**Ainm an eintitis dhlítheanaigh: ……………..**

SAMPLA, NÁ hÚSÁIDTEAR

**Cheap mé**, ……………………, i mo cháil mar …………………… agus ag a bhfuil an t-údarás chun ionadaíocht dhlíthiúil a dhéanamh ar son m'eagraíochtsa mar ár n-**ionadaí ceaptha eintitis dhlítheanaigh (LEAR)**:

Céadainm: ……………………..
Sloinne: ……………………….
Teideal: An Duine Uasal/An Bhean Uasal
Inscne: ………………………….
Seoladh poist (sráid, cód poist, cathair agus tír): …………………………….
ríomhphost: ………………………………
Teileafón: +(…)………………………………..
Facs: +(…)…………………..
Fón póca[1]: +(…)……………………..

[1] Teastaíonn an logáil isteach le cód PIN chun cuntas LEAR a ghníomhachtú. Má sholáthraíonn tú uimhir fóin phóca, is féidir an cód PIN sin a sheoladh trí theachtaireacht SMS. Seachas sin, beidh orainn é a sheoladh tríd an bpost. Úsáidfear an uimhir go heisiach chun an cód PIN a sheoladh.

# RÓIL AGUS DUALGAIS LEAR

## 1. Céard is LEAR ann?

Seasann LEAR le haghaidh **ionadaí ceaptha eintitis dhlítheanaigh**.

Maidir le heagraíochtaí (i.e. ní daoine aonair), is duine atá anseo a cheaptar go foirmiúil ag ionadaí dlíthiúil na heagraíochta chun cúraimí áirithe a dhéanamh thar ceann a n-eagraíochta, mar chuid dá rannpháirtíocht i ndeontais, soláthairtí agus duaiseanna arna gcistiú ag an Aontas a bhainistítear trí mheán Thairseach Cistiúcháin agus Tairiscintí an Aontais Eorpaigh – suíomh gréasáin tiomanta an Aontais maidir le cistiúchán agus tairiscintí.

Bíonn ról LEAR ag daoine aonair go huathoibríoch.

## 2. Céard is féidir le LEAR a dhéanamh?

Mar LEAR is féidir leat:

- **amharc** ar shonraí dlí agus airgeadais d'eagraíochta i gClár na Rannpháirtithe
- iarraidh chun **nuashonruithe ar** an bhfaisnéis sin a bhailíochtú i gcás inar gá
- faireachán a dhéanamh ar cibé atá nó nach bhfuil an fhaisnéis sin **bailíochtaithe**, agus ar an uair a rinneadh amhlaidh
- faireachán a dhéanamh ar na húsáidí uile a bhaintear as **cód aitheantais rannpháirtí** (PIC) d'eagraíochta.

## 3. Cad is gá duit a dhéanamh?

Mar LEAR, bíonn oibleagáidí foirmiúla áirithe agat:

- sonraí dlí agus airgeadais cothrom le dáta a **sholáthar** (lena n-áirítear – arna n-iarraidh sin – doiciméid tacaíochta) maidir le d'eagraíocht.
- na sonraí sin a **chothabháil** agus a **thabhairt cothrom le dáta** *(i.e. á gcumasú le húsáid le haghaidh conraitheoireachta agus idirbheart eile idir d'eagraíocht agus an tAontas)*. Ciallaíonn sé sin gur gá duit **a sheiceáil go rialta** go bhfuil na sonraí ceart agus athruithe a iarradh láithreach bonn.
- cuir isteach agus tabhair cothrom le dáta ainmneacha na gcomhghleacaithe atá údaraithe chun feidhmiú mar **ionadaithe dlíthiúla agus sínitheoirí** le haghaidh d'eagraíochta. Is iad sin na daoine atá in ann d'eagraíocht a thiomnú go dlíthiúil trí chomhaontuithe nó conarthaí deontais a shíniú agus leasuithe leo a údarú.

  Ní mór duit freisin an sannadh sin a **chúlghairm** maidir le haon chomhghleacaí nach bhfuil na cumhachtaí sin aige/aici a thuilleadh.
- cuir isteach agus tabhair cothrom le dáta ainmneacha aon chomhghleacaí atá údaraithe **ráitis airgeadais** nó **sonraisc** a **shíniú** thar ceann d'eagraíochta.

SAMPLA, NÁ hÚSÁIDTEAR

Ní mór duit freisin an sannadh sin a **chúlghairm** maidir le haon chomhghleacaí nach bhfuil an t-údarú sin aige/aici a thuilleadh.

- **cód PIC** d'eagraíochta a **chomhroinnt** le comhghleacaithe a bhféadfadh sé a bheith ag teastáil uathu dá ndéileálacha leis an Aontas *(e.g. chun tograí a chur isteach maidir le cistiúchán nó tairiscintí trí mheán na Tairsí Cistiúcháin agus Tairiscintí)*.

⚠ Is gá gach cúram a dhéanamh go díreach i gClár na Rannpháirtithe.

**4. Do chearta agus do fhreagrachtaí a tharmligean do dhaoine eile**

Is féidir leat aon cheann de na cearta agus na hoibleagáidí a liostaítear i ranna 2 agus 3 thuas a tharmligean do chomhghleacaí amháin nó níos mó, a fheidhmeoidh mar **riarthóirí cuntais**.

Le déanamh amhlaidh, ní mór duit iad a ainmniú don ról sin ach an modúl bainistíochta céannachta agus rochtana i gClár na Rannpháirtithe a úsáid.

NÍ FÉIDIR leis na riarthóirí cuntais sin na cearta/hoibleagáidí sin a tharmligean arís, do dhaoine eile.

SÍNITHE

| | |
|---|---|
| Ar son an eintitis dhlítheanaigh | Ar son LEAR |
| [síniú] | [síniú] |
| [dáta] [stampa] | [dáta] |

SAMPLA, NÁ hÚSAIDTEAR

Doiciméid tacaíochta le huaslódáil freisin:

1. Dearbhú tola le Téarmaí agus Coinníollacha Thairseach Cistiúcháin & Tairiscintí an Aontais
2. Doiciméid dhlíthiúla lena gcruthaítear céannacht an ionadaí dhlíthiúil (cóip de chárta aitheantais, pas nó a mhacasamhail atá bailí)
3. Doiciméid dhlíthiúla lena gcruthaítear go bhfuil an t-ionadaí dlíthiúil ina theideal síniú thar ceann na heagraíochta
4. Doiciméid dhlíthiúla lena gcruthaítear céannacht LEAR (cóip de chárta aitheantais, pas nó a mhacasamhail atá bailí)

| STAIR ATHRUITHE | | |
|---|---|---|
| LEAGAN | DÁTA FOILSITHE | ATHRÚ |
| 1.0 | 11.2.2014 | Leagan tosaigh |
| 1.1 | 6.2.2015 | Mionathruithe formáidithe: An Coimisiún mar sheolaí a scriosadh. Tábla leaganaithe a chur leis. Nuashonrú ar liosta iatán agus treoracha. Athrú an datha ghoirm. |
| 2.0 | 17.8.2015 | Réimse fóin phóca a chur leis chun cumarsáid chód PIN a éascú maidir le gníomhachtú chuntas LEAR trí theachtaireacht SMS. |
| 3.0 | 22.11.2017 | Tabhair cothrom le dáta chun na hathruithe i bpróiseas ainmniúcháin LEAR a léiriú (na doiciméid bhunaidh le coinneáil ag an eagraíocht agus na cóipeanna leictreonacha le huaslódáil trí Thairseach na Rannpháirtithe). Litir cheapacháin LEAR agus doiciméid maidir le róil agus dualgais LEAR a chumasc |
| 4.0 | 16.1.2018 | Soláthar le háireamh sna hathruithe |
| 5.0 | 2.6.2020 | Athruithe mar gheall ar rialacha bailíochtaithe nua. Tairseach SEDIA nua. |
| 6.0 | 1.9.2022 | Links to language versions. |

SAMPLA, NÁ hÚSÁID LEAR